

Riachtanais taighde & nuálaíochta

Tá creat struchtúrtha riachtanas taighde mar threoir ag an Straitéis, arna chur in iúl mar cheisteanna straitéiseacha agus arna n-eagrú i dtéamaí idirnasctha a chlúdaíonn an córas iomlán ó bhreathnóireacht go cinnteoireacht:

- Eolaíocht, Samhaltú & Réamhaisnéis an Chórais Domhain: réamhaisnéis gan uaim, ardaifigh agus samhaltú comhtháite a chur chun cinn trasna scálaí ama, lena n-áirítear imeachtaí cumaisc agus neamhchinnteacht.
- Seirbhísí & Tacaíocht Chinntí atá Bunaithe ar Thionchar: eolaíocht a aistriú ina seirbhísí inghníomhaithe, dírithe ar an úsáideoir, lena n-áirítear córais rabhaidh luatha agus uirlisí cinnteoireachta earnáil-shonracha.
- Aeráid, Athléimneacht & Riosca Fadtéarmach: aghaidh a thabhairt ar rioscaí aeráide fadtéarmacha amhail tonnta teasa, triomach agus ardú leibhéal na farraige, agus tacú le hoiriúnú, pleanáil bonneagair agus athléimneacht earnála.
- Breathnóireachtaí & Bonneagar Digiteach: líonraí breathnóireachta, córais sonraí agus ardáin idir-inoibritheacha a neartú a chuireann taca faoi réamhaisnéis agus seirbhísí.
- Intleacht Shaorga (IS) & Teicneolaíochtaí Ardleibhéil: leas a bhaint as Intleacht Shaorga, cúplaí digiteacha agus ríomhaireacht ardleibhéil chun feabhas a chur ar réamhaisnéis, samhaltú agus tacaíocht cinnteoireachta, agus úsáid fhreagrach, inbhuanaithe agus thrédhearcach á cinntiú ag an am céanna.
- Cumarsáid, Iompar & Rannpháirtíocht Shóisialta: feabhas a chur ar an gcaoi a dtuigtear agus a ngníomhaítear faisnéis, lena n-áirítear comhdhearadh, léargais iompraíochta agus braiteadh sóisialta chun dearcadh an phobail a bhíor-am a ghabháil i sochaí atá ag éirí níos éagsúla agus níos deighilte.
- Córas, Modhanna Idir-Disciplíneacha & Rialachas: a chinntiú go bhfuil an córas T&N comhtháite, comhoibríoch, dea-rialaithe agus ailínithe le tosaíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Cumasóirí trasghearrtha

Tá dhá chumasóir tras-earnálacha mar bhonn agus taca ag an gcóras:

- Cumarsáid Thioncharach: a chinntiú go ndéantar eolas a roinnt, a thuiscint agus a úsáid, muinín a neartú agus tacú le cinnteoireacht eolasach.
- Rialachas Láidir: maoirseacht, dearbhú cáilíochta agus cuntasacht a sholáthar trí mheicníochtaí seachadta struchtúrtha, lena n-áirítear pleanáil chur i bhfeidhm, monatóireacht feidhmíochta agus bainistíocht chomhordaithe clár.

Ag Seachadadh Ar Son na Sochaí

Leis an Straitéis seo, tá Met Éireann ina colún lárnach i gcóras athléimneachta na hÉireann: ag ceangal eolais le gníomh i dtimpeallacht atá ag athrú go mear. Trí fheabhas eolaíoch a neartú, nuálaíocht a bhrostú, tionchar a leabú agus comhpháirtíochtaí a dhianú, cinnteoidh Met Éireann go seachadann an taighde san áit is tábhachtaí.

Sa deireadh thiar, is Straitéis ullmhachta í seo: cinntí níos fearr a chumasú, pobail a chosaint, athléimneacht eacnamaíoch a chothú agus cur le toadhchái inbhuanaithe, athléimneach ó thaobh na haeráide de d'Éirinn.

Aimsir-Tuillte-Aeráid Eolas go Ullmhacht

Straitéis Taighde & Nuálaíochta Met Éireann 2026-2034

Cabhrú le sochaí na hÉireann nascleanúint a dhéanamh agus freagairt do rioscaí aimsire agus aeráide

Eolas go Ullmhacht

Tá Éire ag dul isteach i ndeich mbliana athraitheacha i réimsí na haimsire, na dtuille agus na haeráide. Tá dul chun cinn i gcórais shamhaltaithe agus sonraí ag athrú an chaoi a n-oibríonn seirbhísí meitéareolaíochta náisiúnta, agus tá ionchais na sochaí maidir le faisnéis thráthúil, iontaofa agus inghníomhaithe ag fás i gcónaí. Sa chomhthéacs seo, leagann Straitéis Taighde & Nuálaíochta (T&N) Met Éireann amach conas a chlochlófar eolas eolaíoch ina ullmhacht: beatha agus slí bheatha a chosaint, cinnteoireacht a thacú agus Éire athléimneach, oiriúnaithe don aeráid, a chumasú.

Ag croilár na Straitéise T&N seo, bunaitear Taighde & Nuálaíocht mar chóras nasctha a nascann eolaíocht, teicneolaíocht, oibríochtaí agus úsáideoirí chun torthaí sochaíoch a inlámhsithe a bhaint amach. Tógann sé ar ról Met Éireann mar sheirbhís meitéareolaíochta náisiúnta na hÉireann: údarás iontaofa, comhlacht poiblí cuntasach agus talamh cruthaithe fíorshaoil ina ndéantar eolas, smaointe agus nuálaíochtaí nua a thástáil, a bhailíochtú agus a scagadh i dtimpeallachtaí oibríochtúla.

Córas Ullmhachta

Tá córas T&N Met Éireann deartha mar inneall atá dírithe ar mhisean a chlochláinn taighde ina thionchar sochaíoch. Oibríonn sé trí lúb soiléir agus leanúnach:

Riachtanais Taighde > Gníomhaíocht Taighde > Cumas Oibríochtúil > Torthaí Sochaíoch (ar ais chuig riachtanais)


Feidhmíonn riachtanais taighde, atá bunaithe ar dhúshlán shochaíoch, deis eolaíoch agus éileamh beartais, mar an príomh-ionchur a mhúnláinn tosaíochtaí. Léiríonn na riachtanais seo nádúr seicheamhach agus cumaisc an riosca agus an tionchair, ag aithint go mbraitheann ullmhacht éifeachtach ar thuiscint a fháil ar an gcaoi a n-aistríonn guaiseacha ina rioscaí agus ina tionchair ar fud córas agus eamálacha.

I gcroilár an chórais tá ceithre sprioc straitéiseacha idirspéach, ag feidhmiú mar príomhchodanna d'inneall comhtháite. Le chéile, cinntíonn siad nach mbaintear amach dul chun cinn eolaíoch amháin, ach go n-aistrítear, go seachadtar agus go n-úsáidtear iad.

Tá an córas seo dinimiciúil agus athchleachtach. Cuireann taighde eolas ar fáil do sheirbhísí, gineann seirbhísí aiseolas, agus múnaíonn an t-aiseolas sin taighde amach anseo. Ar an mbealach seo, bíonn an córas ag forbairt i gcónaí mar fhreagairt ar rioscaí atá ag teacht chun cinn, athrú teicneolaíochta agus riachtanais shochaíoch.

Riachtanais Taighde & Nuálaíochta

Torthaí Sóisialta



Fás Feabhais Taighde & Tallainne



Tá sármhaitheas eolaíoch a thógáil agus a chothabháil bunúsach don ullmhacht. Neartóidh Met Éireann an cumas náisiúnta in eolaíochtaí aimsire, tuille agus aeráide trí mhaoiniú taighde spriocdhírthe agus misean-dhírthe, clár dhochtúireachta agus comhaltachta leathnaithe, agus comhtháthú níos doimhne le hinstiúidí ardoideachais. Cuirfidh sé eolaíocht chomhtháite chórais an Domhain, samhaltú hibrideach IS-fisce agus ciseal cumais cinnteoireachta riosca agus tionchair ó cheann ceann go ceann chun cinn, arna thacú ag ardáin sonraí agus ríomhaireachtúla modúlacha nua-aimseartha

Taighde go Oibríochtaí & Seachadadh Nuálaíochta a Thiomáint



Chun a chinntiú go seachadann taighde luach sa saol réadúil, bunóidh Met Éireann píblíne struchtúrtha ó Thaighde go hOibríochtaí (T2O). Áirítear leis seo geata tiomnaithe T2O, próisis neartaíthe aistrithe eolais agus rialachas comhtháite. Cuirfidh leapacha tástála cinntí agus tionchair, saotharlanna beo agus cur chuige bunaithe ar áit ar chumas nuálaíochta a thástáil i suíomhanna fíorshaoil. Beidh riachtanais úsáideoirí leabaithe ar fud an domhain, le rannpháirtíocht láidir le córais pleanála agus freagartha éigeandála. Cinnteoidh infheistíocht i mbonneagar, i gcaighdeáin agus i scileanna go seachadfar nuálaíocht go sábháilte, go hiontaofa agus ar scála mór.

Ag Cur Luach & Tionchar T&N agus Fianaise le haghaidh Beartais chun Cinn



Cinnteoídh Met Éireann go ngineann T&N luach sochaíoch intomhaiste agus go gcuireann sé eolas ar fáil do chinnteoireacht. Áirítear leis seo creatlacha meastóireachta bunaithe ar thorthaí a fhorbairt agus comhoibriú a neartú le comhlachtaí sonraí socheacnamaíochta náisiúnta chun faisnéis aimsire agus aeráide a nascadh le táscairí eacnamaíochta agus sochaíochta. Cuirfidh Seirbhís Fianaise Thapa léargas thráthúla, réidh le haghaidh beartais ar fáil, lena n-áirítear tacaíocht do fhreagairt éigeandála agus pleanáil fhadtéarmach. Cuirfear béim ar leith ar fhaisnéis aeráide a chomhtháthú ar fud príomheamálacha, lena n-áirítear sláinte, fuinneamh, uisce, iompar agus talmhaíocht.

Comhpháirtíochtaí a Dhianú



Tá comhoibriú riachtanach chun scála agus tionchar a bhaint amach. Neartóidh Met Éireann comhpháirtíochtaí i measc na hacadúlachta, an rialtais, na tionscail agus na bpobal. Bainfidh sé leas as deiseanna comhghaointhe, ionaid tacaíochta agus líonraí barr feabhais agus cuirfidh sé Éire mar chomhpháirtí roghnaithe go hidirnáisiúnta. Trí rannpháirtíocht chomhordaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, cabróidh Met Éireann le héiceachóras T&N comhtháite, atá dírithe ar mhisean, a mhúnlú.